Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# IARRATAS AR ROGHANNA SOLÚBTHA AISÍOCAÍOCHTA

# LEABHRÁN EOLAIS
# &
# FOIRM IARRATAIS

# IARRATAS AR ROGHANNA SOLÚBTHA AISÍOCAÍOCHTA

# LEABHRÁN EOLAIS

Tá roinnt beart faofa ag an gComhairle maidir le hiasachtaithe a bhfuil a gcúinsí athraithe agus a chaithfidh a n-aisíocaíochtaí morgáiste a atheagrú.

**An bhfuil tú i dteideal iarratas a dhéanamh?**

Más mó d'aisíocaíocht iasachta mhíosúil ná 35% de do ghlanioncam* (laghdaithe), tá tú i dteideal iarratas a dhéanamh.

> * Má fhaigheann iasachtaí íocaíocht ón Oifigeach Leasa Pobail (CWO) i leith a n-aisíocaíochta iasachta cuirtear é seo san áireamh agus measúnacht á déanamh ar ghlanioncam.

**Is iad seo a leanas na bearta atá ceadaithe ag an gComhairle:**

**(a) Ceadú d'iasachtaithe a scor d'aisíocaíocht chaipitiúil agus gan ach ús agus Cosaint Morgáiste (MPI) amháin a íoc.**
Ceadú don iasachtaí an chuid den iasacht a bhaineann le haisíocaíocht chaipitiúil a chur siar d'uastréimhse 12 mhí. Cuirtear an caipiteal neamhíoctha leis an iasacht ansin agus íocann an t-iasachtaí tráthchuid mhíosúil níos airde don tréimhse iasachta atá fághta. Ina mhalairt de chás, féadfar an téarma iasachta a fhadú mar a fhéadfar i rogha (c)

**(b) Ceadú d'iasachtaithe sos morgáiste a bheith acu.**
Ceadú don iasachtaí aisíocaíochtaí caipitiúla agus úis a chur siar, ach ní árachas cosanta morgáiste (MPI) d'uastréimhse 6 mhí. Cuirtear an caipiteal neamhíoctha leis an iasacht ansin agus íocann an t-iasachtaí tráthchuid mhíosúil níos airde don tréimhse iasachta atá fágtha. Ina mhalairt de chás, féadfar an téarma iasachta a fhadú mar a fhéadfar i rogha (c)

**(c) Téarma iasachta a fhadú.**
An téarma iasachta a fhadú; faoi réir uasmhéid de 30 bliain ar an gcoinníoll nach dtéann an téarma iasachta thar 65ú breithlá an iasachtaí. Laghdódh sé seo an tsuim mhísúil atá dlite agus mhéadódh sé tréimhse an mhorgáiste san iomlán.

**(d) Iasachtaithe a cheadú athrú a dhéanamh ó ráta seasta go ráta athraitheach.**
Ciallaíonn rogha an ráta úis sheasta, má roghnaítear í, go bhfuil gealltanas déanta ag an gceannaitheoir ráta úis seasta a íoc le haghaidh 5 bliana. Faoi láthair tá an ráta seasta níos airde ná an ráta athraitheach. De réir na rogha seo, bheadh sé de cheart ag an iasachtaí "ceannach amach" ón ráta seasta agus athrú chuig an ráta athraitheach úis.
Cuirfear an t-ús difreálach atá dlite leis an méid atá gan íoc i gcás iasachtaithe incháilithe. Fadaítear tréimhse na hiasachta.

**NÓTA: I GCÁS NA ROGHANNA AR FAD THUAS MHÉADODH COSTAS FORIOMLÁN AN MHORGÁISTE A BHAINEANN DON IASACHTAÍ.**

**Conas Iarratas a Dhéanamh?**

Comhlánaigh an fhoirm iarratais agus cuir isteach duillíní pá, P45, sonraí íocaíochtaí Leasa Shóisialta agus íocaíochtaí ó Oifigeach Leasa Pobail agus aon sonraí eile lena mbaineann.

**Pointí le tabhairt do d'aire:**

- Tar éis foirm iarratais comhlánaithe go hiomlán a fháil rachfar i dteagmháil le gach iasachtaí agus iarrfar orthu freastal ar agallamh in oifigí na Comhairle ar Bhóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15.
- Pléifear na deiseanna éagsúla atá ar fáil agus figiúirí aisíocaíochta leasaithe ag an agallamh seo.
- **Molann Comhairle Contae Fhine Gall go mór go lorgóidh iasachtaí/iasachtaithe comhairle dlí agus airgeadais neamhspleách sula ndéanfaidh siad aon athrú ar a morgáiste. (Téigh i dteagmháil le d'oifig áitiúil de chuid na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid (MABS) agus le d'oifig áitiúil de chuid an Ionaid Eolais do Shaoránaigh (CIC) le do thoil)**
- Cuirtear iarratas isteach faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime agus níl aon dualgas ar an gComhairle iarratas a cheadú.
- Féadfar costais agus caiteachas eile de thart ar €220 is iníoctha le Comhairle Contae Fhine Gall a bheith i gceist leis na roghanna thuas.
- Cuirfear ceadú foirmiúil na Comhairle chun athrú ar an aisíocaíocht a cheadú ar aghaidh chuig an iasachtaí i scríbhinn.
- B'fhéidir go mbeadh agallamh eile in oifigí na Comhairle riachtanach chun nithe a thabhairt chun críche.

**Cuir an fhoirm iarratais ar ais chuig:**

Comhairle Contae Fhine Gall
An Roinn Tithíochta
Rannóg na gCuntas Iasachta
Bóthar an Gharráin
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliaith 15.

## IARRATAS AR ROGHANNA SOLÚBTHA AISÍOCAÍOCHTA

# FOIRM IARRATAIS

| SONRAÍ PEARSANTA: | | | |
|---|---|---|---|
| **IASACHTAÍ** | | **COMHIASACHTAÍ** | |
| Uimh. an Chuntais Iasachta: | | | |
| Céadainm | Sloinne | Céadainm | Sloinne |
| Dáta Breithe: | Uimh. PPS: | Dáta Breithe: | Uimh. PPS: |
| | | | |
| Líon Cleithiúnaithe: ☐ | | | |
| Seoladh: | | Seoladh: | |
| Fón i Rith an Lae: | Fón Póca/Fón Baile: | Fón i Rith an Lae: | Fón Póca/Fón baile: |
| Náisiúntacht: | | Náisiúntacht: | |
| Ríomhphost: | | Ríomhphost: | |
| Stádas Pósta | ☐ Singil ☐ Pósta<br>☐ Scartha ☐ Colscartha<br>☐ Baintreach ☐ Ar tí pósadh | Stádas Pósta | ☐ Singil ☐ Pósta<br>☐ Scartha ☐ Colscartha<br>☐ Baintreach ☐ Ar tí pósadh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ☐ Eile | | ☐ Eile |

## SONRAÍ IONCAIM REATHA AN IASACHTAÍ

**Sonraí Fostaíochta:**

Uimh. PPS: _____

Ainm an Fhostóra: _____

Seoladh:_____

Ollioncam Míosúil Reatha: _____
**(Cuir isteach na ceithre dhuillín pá is déanaí le do thoil)**

**Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh 2009**

**Uimh. PPS:** _____

**Méid reatha d'Íocaíocht Leasa Shóisialaigh a fhaightear in aghaidh na seachtaine € _____**

Sonraigh an cineál íocaíochta/na cineálacha íocaíochtaí le de thoil _____

_____

**Maidir leis an duine atá ainmnithe thuas, dearbhaím go bhfuil an t-eolas seo ceart:-**

Sínithe: _____ **STAMPA NA ROINNE LEASA SHÓISIALAIGH:-**

Dáta: _____

**Íocaíochtaí Leasa Pobail:**

Uimh. PPS: _____

Méid Reatha Míosúil d'Fhaoiseamh Morgáiste: - _____

**Maidir leis an duine atá ainmnithe thuas, dearbhaím go bhfuil an t-eolas seo ceart:-**

Sínithe: _____ **STAMPA OIFIGIÚIL:-**

Dáta: _____

**Caithfidh an Roinn Leasa Shóisialaigh, an HSE agus/nó an fostóir de réir mar is cuí, an méid thuas a chomhlánú, agus a chur ar ais le gach iarratas.**
**Tabhair sonraí aon ioncaim nach bhfuil san áireamh thuas le do thoil.**

# SONRAÍ IONCAIM REATHA AN CHOMHIASACHTAÍ

**Sonraí Fostaíochta:**

Uimh. PPS: _____

Ainm an Fhostóra: _____

Seoladh:_____

Ollioncam Míosúil Reatha: _____
**(Cuir isteach na ceithre dhuillín pá is déanaí le do thoil)**

**Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh 2009**

Uimh. PPS: _____

**Méid reatha d'Íocaíocht Leasa Shóisialaigh a fhaightear in aghaidh na seachtaine € _____**

Sonraigh an cineál íocaíochta/na cineálacha íocaíochtaí le de thoil _____

_____

**Maidir leis an duine atá ainmnithe thuas, dearbhaím go bhfuil an t-eolas seo ceart:-**

Sínithe: _____ **STAMPA NA ROINNE LEASA SHÓISIALAIGH:-**

Dáta: _____

**Íocaíochtaí Leasa Pobail:**

Uimh. PPS: _____

Méid reatha Míosúil d'Fhaoiseamh Morgáiste:-_____

**Maidir leis an duine atá ainmnithe thuas, dearbhaím go bhfuil an t-eolas seo ceart:-**

Sínithe: _____ **STAMPA OIFIGIÚIL:-**

Dáta: _____

**Caithfidh an Roinn Leasa Shóisialaigh, an HSE agus/nó an fostóir de réir mar is cuí, an méid thuas a chomhlánú, agus a chur ar ais le gach iarratas.**
**Tabhair sonraí aon ioncaim nach bhfuil san áireamh thuas le do thoil.**

**Léirigh do rogha ó na deiseanna atá ar fáil le do thoil:**

| | |
|---|---|
| 1ú Rogha | ☐ |
| 2ú Rogha | ☐ |
| 3ú Rogha | ☐ |
| 4ú Rogha | ☐ |

Dearbhaím/Dearbhaímid leis seo gur ráiteas iomlán ar m'ioncam /ár n-ioncam teaghlaigh iad na sonraí ioncaim a tugadh.

Údaraím/Údaraímid an Chomhairle aon eolas a lorg agus a fháil a éileoidh an Chomhairle ó m'fhostóirí/ár bhfostóirí nó ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh nó ó aon fhoinse maidir le hioncam.

Táim/Táimid ar an eolas go bhféadfadh aon eolas bréagach nó míthreorach a áireamh, nó eolas ríthábhachtach a fhágáil ar lár, m'iarratas a dhéanamh neamhbhailí.

Táim/Táimid ar an eolas go molann Comhairle Contae Fhine Gall go mór go lorgóinn/go lorgóimis comhairle dlí agus airgeadais neamhspleách roimh théarmaí m'iasachta/ár n-iasachta a athrú.

Tuigim/Tuigimid chomh maith nach ndéanann an Roinn Tithíochta agus an Roinn Dlí ach comhairle a chur ar Chomhairle Contae Fhine Gall agus iad a ghníomhú.

Táim/táimid ar an eolas go bhféadfadh feidhmiú na roghanna thuas costais úis bhreise a chur faoi deara thar an téarma iasachta.

Táim/Táimid ar an eolas go gcaithfear préimheanna cosanta morgáiste a íoc do théarma rogha na haisíocaíochta solúbtha.

Tá na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis na Deiseanna Aisíocaíochta Solúbtha léite agam/againn agus comhaontaím/comhaontaímid a bheith faoi cheangal acu.

Síniú an Iasachtaí:-

Síniú an Chomhiasachtaí:-

Dáta: _____

**Cuir iarratais chomhlánaithe ar ais chuig Comhairle Contae Fhine Gall, An Roinn Tithíochta,  Rannóg na gCuntas Iasachta, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Atha Cliath 15.**

Ean 2010